Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# Teideal: Conas is féidir liom a bheith cinnte go bhfuil mo sholáthraí seirbhísí airgeadais iontaofa?

Tá sé tábhachtach go mbeidh tú in ann brath ar do sholáthraí seirbhísí airgeadais chun **cloí le hardchaighdeáin**.

Chun cuidiú leat é seo a dhéanamh, is gá do ghnólachtaí atá **á rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann** - agus do dhaoine aonair atá ag obair dóibh - ár gcóras **oiriúnachta agus ionracais** a chomhlíonadh.

Cinntíonn na rialacha seo go gcomhlíonann daoine a bhfuil príomhróil acu i ngnólachtaí rialáilte ardchaighdeáin **inniúlachta, ionracais agus macántachta**.

Ar an gcaoi seo, **cosnaítear tomhaltóirí** seirbhísí airgeadais agus **an córas airgeadais iomlán**.

Tá **oibleagáid dlí** ar ghnólachtaí rialáilte a chinntiú go gcomhlíonann a **bpríomhphearsanra** ár n-ardchaighdeáin.

Déanaimid measúnú freisin ar cheapacháin chuig **róil shinsearacha áirithe** i ngnólachtaí rialáilte, agus ní féidir le gnólachtaí daoine a cheapadh chuig na róil seo **gan cead a fháil uainn**.

Is féidir linn **daoine aonair a imscrúdú** agus, i gcásanna áirithe, **iad a bhriseadh as na róil atá acu** mura gcomhlíonann siad ár gcuid caighdeán.

Is féidir linn **bac a chur orthu** freisin **glacadh le róil nua** i ngnólachtaí eile atá á rialáil againn.

Cuidíonn sé seo lena chinntiú go ngníomhaíonn gnólachtaí rialáilte - agus daoine a bhfuil príomhróil acu iontu - **go gairmiúil agus go heiticiúil**.

Trí **Chreat Cuntasachta Daoine Aonair** atá beartaithe**, spreagfar iompar dearfach** agus **feabhsófar an cultúr** i ngnólachtaí.

Tabharfaidh sé **cumhachtaí feabhsaithe** dúinn freisin chun **daoine aonair a thabhairt chun cuntais** má theipeann orthu na **caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo** a bhaint amach.

Cuirfidh sé seo lenár sprioc chun **tomhaltóirí seirbhísí airgeadais** agus cobhsaíocht **chóras airgeadais na hÉireann a chosaint**.

**Tuilleadh eolais:** centralbank.ie/oiriunachtagusionracas